# Crann Beatha

**Inniu, chaitheamar súile le Múinteoir Ray ar an mbliain atá caite, tréimhse ar leith sa stair.**

Rinne sé Crann Beatha dó féin agus shamhlaigh sé gur sheas gach cuid den gcrann i gcomhair cuid ar leith dá shaol.

**Ar mhaith leat do Chrann Beatha féin a dhéanamh?**



# My tree of life



RAIN: What are the challenges in my life?

LEAVES: What are my gifts to others?

BRANCHES: What are my hopes and dreams?

TRUNK – What do I love? What are my skills?

ROOTS – Where am I from? (My home & my family)

# Tóg Go Bog É!

**Labhair Múinteoir Ray faoin tábhacht a bhaineann le sos a ghlacadh agus faoin tslí gur féidir sos a úsáid le rudaí nua a fhoghlaim!**



**Ainmnigh 5 rud ar mhaith leat a dhéanamh le linn sosa.**



1. ____________________
2. ____________________
3. ____________________
4. ____________________
5. ____________________

**Ainmnigh 3 rud ar bhain tú amach le bliain anuas...**



1. ____________________
2. ____________________
3. ____________________

**MAITH THÚ!**

# Lei Haváí

In Haváí, tugtar bláthfhleasc ildaite ar a dtugtar Lei do dhuine ar chúiseanna éagsúla.

Go minic, bronntar Lei ar dhuine mar chomhartha fáilte, cairdeais nó buíochais. Is féidir leis a bheith ina chomartha ómóis chomh maith.

Caitear timpeall an mhuinéil é, cosúil le muince nó scairf.

Anois déanaimis ar lei féin as páipéar – is féidir é a chaitheamh tú féin nó é a thabhairt do dhuine eile ar mhaith leat ómós a léiriú di nó dó!





**Ag teastáil:** Páipéar daite – dath ar bith i gcomhair na mbláthanna, agus glas i gcomhair na nduilleog, Píosa téada láidir, Snáthaid, Siosúr [Breise – coirníní agus fíor-dhuilleoga!]


**Modh:**


Céim 1

Gearr amach na cruthanna seo a leanas.









# Lei Haváí

Céim 2

Déan go leor leor rianaithe timpeall ar na cruthanna ar an bpáipéar daite chun cruthanna bláthanna agus duilleog a dhéanamh!

[Mura bhfuil páipéar daite agat is féidir gnáthpháipéar a úsáid agus é a dhathú isteach].

Céim 3

Cuir snáth sa snáthaid leis an téad . Sean maith go mbeidh cabhair ó dhuine fásta uait anseo! Cuir an snáth trí chró na snáthaide, ansin cuir snaidh i mbun na téada.

Céim 4

Tosaigh ag "fúáil" na nduilleog agus na mbláthanna le chéile – cuir an snáthaid trí lár gach ceann, ansin bog an cruth chuig an snaidhm ag bun na téada.

Céim 5

Lean ort go bhfuil an téad ar fad nach mór clúdaithe. Ansin cuir coirníní agus duilleoga leis an Lei más mian leat!



Céim 6

Ansin tóg an téad ón tsnáthaid go deas réidh agus ceangail an dá bharr le chéile.

**Sin é! – beidh Lei álainn le caitheamh agat nó le bronnadh agat ar dhuine ag a bhfuil ardmholadh tuilte!**